



An Bhruiséil, 29 Samhain 2023
(OR. en)

15666/23
ADD 1

JUSTCIV 170
JAI 1520
FREMP 337
RELEX 1347
COLAC 151

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar:	Coinbhinsiún na Háige 1965 ar Sheirbheáil Doiciméad Breithiúnach agus Seachbhreithiúnach in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála: An seasamh atá le glacadh i dtaobh aontachas Pharagua - Formheas - Ráiteas comhpháirteach ón tSeicia agus ón bhFrainc

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas comhpháirteach ó Phoblacht na Seice agus ón bhFrainc atá le cur isteach i miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle.

Dearbhú coiteann ón tSeicia agus ón bhFrainc

Staonfaidh an tSeicia agus an Fhrainc ón vóta ar an líne atá le glacadh maidir le haontachas Pharagua le Coinbhinsiún na Háige 1965 ar Sheirbheáil Doiciméad Breithiúnach agus Seachbhreithiúnach in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála ar an gCoigríoch (dá ngairtear ‘Coinbhinsiún na Háige’ anseo feasta).

Tá an tSeicia agus an Fhrainc fós in amhras faoin moladh gur gá agus gur ceart do Coreper agus Comhairle an Aontais Eorpaigh líne a ghlacadh maidir le haontachas Pharagua le Coinbhinsiún na Háige mar a leagtar síos in 15666/23 é.

Luaitear ann go sainráite go dtagann Coinbhinsiún na Háige faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, de bhun Airteagal 3(2) CFAE, a mhéid a d’fhéadfadh forálacha an Choinbhinsiúin difear a dhéanamh do raon feidhme chomhrialacha an Aontais ar sheirbheáil doiciméad breithiúnach nó seachbhreithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála, nó an raon feidhme sin a athrú. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil feidhm ag forálacha Choinbhinsiún na Háige sa chaidreamh idir na Ballstáit ach amháin nuair a bhíonn tríú Stát i gceist, tá amhras ann go bhféadfaí difear a dhéanamh do chomhrialacha an Aontais nó iad a mhodhnú.

Ní mheasann an tSeicia ná an Fhrainc gur fasach é an moladh seo do gach aontachas eile le Coinbhinsiún na Háige ná do bhearta eile de chuid an Aontais Eorpaigh darb aidhm dóibh ábhair inchomparáide a rialáil, i gcás ina bhféadfadh ról fós a bheith ag inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais Eorpaigh ach nach ndearna na Ballstáit é sin a chomhaontú.
